Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**14719/18**

**COHAFA 107**
**DEVGEN 223**
**ALIM 14**
**ONU 101**
**FAO 51**
**COAFR 309**
**MAMA 194**
**MOG 77**
**COEST 230**
**COASI 265**
**COLAC 100**
**PROCIV 84**
**RELEX 1008**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Samhain 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12817/18 |
| Ábhar: | Oideachas i gCásanna Éigeandála agus le linn Géarchéimeanna Fada - Conclúidi ón gComhairle (26 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an oideachas i gcásanna éigeandála agus le linn géarchéimeanna, a ghlac an Chomhairle ag an 3654ú cruinniú dá cuid an 26 Samhain 2018.

## Oideachas i gCásanna Éigeandála agus le linn Géarchéimeanna Fada

## Conclúidí ón gComhairle

1. Is cúis mhór imní ag an gComhairle nach bhfuil rochtain ag breis agus 75 mhilliún páiste atá thíos le cásanna éigeandála agus géarchéimeanna fada ar oideachas ardcháilíochta, agus go bhfuil thart ar 7.8 milliún duine óg idir 18–24 bliana d'aois easáitithe i mbaol suaitheadh nó luathfhágáil oideachais agus oideachas ar cháilíocht íseal faoi láthair. Is cúis imní ag an gComhairle freisin go bhfuil méadú ag teacht ar ghníomhartha foréigin i suíomhanna oideachais agus sna ceantair timpeall orthu. Is ceann de chearta an duine é an t-oideachas nach mór a urramú i ngach cás chun cuidiú le páistí agus daoine óga lán a gcumais a bhaint amach, chun teacht aniar a neartú sa duine aonair, sa chomhphobal agus sa tír, chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus chun sochaithe síochánta, uilechuimsitheacha agus rathúla a áirithiú. De thoradh tréimhsí na ngéarchéimeanna a bheith ag éirí níos faide, tá an baol ann go bhfásfaidh 'glúnta dearmadta' aníos gan na deiseanna, na hacmhainní ná na scileanna a bheith acu le todhchaí níos fearr a chruthú dóibh féin.

2. Tá an tAontas Eorpach tiomanta do rochtain ar fhoghlaim uilechuimsitheach ar feadh an tsaoil agus oideachas agus oiliúint a bheidh sábháilte, cothrom, ar ardcháilíocht a áirithiú ar gach leibhéal i gcásanna éigeandála agus le linn géarchéimeanna, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle a bhí ann roimhe seo[[1]], le Straitéis Dhomhanda an Aontais, leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt[[2]]agus le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Tá sé sin riachtanach ionas 'nach bhfágfar aon duine ina dhiaidh' agus chun spriocanna Chlár Oibre Oideachais 2030 a bhaint amach. Is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir maidir le hOideachas i gCásanna Éigeandála agus le linn Géarchéimeanna Fada[3] Is díol sásaimh freisin don Chomhairle an méadú suntasach atá tagtha ar chistiú daonnúil ón gCoimisiún le haghaidh oideachais i gcásanna éigeandála agus tugann sí dá haire an rún atá aige 10% de bhuiséad daonnúil an Aontais Eorpaigh le haghaidh oideachais i gcásanna éigeandála a bhaint amach in 2019. Cuireann sí i dtreis go gcuimsítear, leis na hionchais chistiúcháin, níos mó ná an cúram daonnúil, rud ar cheart díriú, de réir a shainordaithe, orthu siúd atá sna cásanna is leochailí. Éascófar leis sin an 'modh nua oibre' a beartaíodh ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla, lena liostaítear láidreachtaí na hearnála daonnúla agus na hearnála forbartha araon, lena n-áirítear cistiú ilbhliantúil agus níos mó intuarthachta agus leanúnachais i dtaca le hoideachas i gcásanna éigeandála agus le linn géarchéimeanna fada. Ba cheart go mbeadh sin ina chomhlánú ar mhaoiniú forbartha lena bhfreastalaítear ar riachtanais oideachais shistéamacha atá níos fadtéarmaí.

[1] Conclúidí an 12 Bealtaine 2016 maidir leis an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla, conclúidí an 12 Bealtaine 2016 maidir le cur chuige an Aontais i ndáil leis an easáitiú éigeantach agus forbairt, conclúidí an 19 Bealtaine 2017 maidir leis an nasc idir cabhair dhaonnúil agus forbairt a oibríochtú agus conclúidí an 12 Samhain 2017 maidir le cur chuige straitéiseach don athléimneacht i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh.

[2] Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála, Meitheamh 2016 agus an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt IO C 210, 30.6.2017, lch. 1–24.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le hOideachas i gCásanna Éigeandála agus le linn Géarchéimeanna Fada. COM(2018) 304 final, 18.5.2018.

3. Is cúis áthais ag an gComhairle an cur chuige cuimsitheach i leith Oideachais i gCásanna Éigeandála agus le linn Géarchéimeanna Fada, lena n-áirítear ullmhacht, laghdú rioscaí tubaistí, cosc, maolú, mearfhreagairt, agus tiomantas do chórais oideachais athléimneacha a cheapadh. Chuige sin, ba cheart cur leis na tionscnaimh lena gcruthaítear deiseanna foghlama feabhsaithe, níos tapúla agus tacaíocht bhreise a thabhairt dóibh d'fhonn réitigh inbhuanaithe a chur ar fáil, amhail an ciste *Education Cannot Wait*, arb é is aidhm leis freastal ar riachtanais oideachasúla páistí agus daoine óga idir 3-18 mbliana d'aois. Ba cheart tionscnaimh maidir le hardoideachas i gcásanna éigeandála, amhail an Sásra Mearfhreagartha le haghaidh Ardoideachais i gCásanna Éigeandála (RRM) a spreagadh a thuilleadh, agus an aoisghrúpa 18-24 a bheith mar sprioc leo.

4. I gcás ina gcuireann géarchéimeanna isteach ar an oideachas, tá an tAontas réidh le tacú le sásraí mearfhreagartha agus ról lárnach a thabhairt don oideachas mar chuid dá fhreagairt éigeandála, i gcomhpháirtíocht leis na geallsealbhóirí ábhartha agus chun, i ngach cás inar féidir é, gníomhaíochtaí a chur ar chúram na ngníomhaithe forbartha. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas Eorpach páistí agus daoine óga nach bhfuil ar scoil, lena n-áirítear iad sin a easáitíodh go héigeantach, a thabhairt ar ais chuig an bhfoghlaim ar ardcháilíocht laistigh de chúpla mí, i gcomhréir le Dearbhú Nua Eabhrac 2016 do Dhídeanaithe agus d'Imircigh.

5. Ag aithint di riachtanais shonracha na ndaoine sin a easáitíodh agus an tábhacht atá le réitigh inbhuanaithe, iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí de chuid an Choimisiúin, ar SEGS agus ar na Ballstáit oibriú i gcomhar le rialtais óstacha agus le comhpháirtithe chun dídeanaithe a lánpháirtiú i gcórais oideachais náisiúnta, agus freastal ar riachtanais na gcomhphobal óstach ag an am céanna, mar aon le forbairt agus treisiú a dhéanamh ar an acmhainn agus ar na struchtúir agus ar na seirbhísí oideachais atá ann cheana féin, lena n-áirítear deimhniú, creidiúnú agus scéimeanna aitheantais.

6. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le comhordú neartaithe, le hidirphlé agus le comhpháirtíochtaí i measc na ngeallsealbhóirí oideachais ar gach leibhéal chun freagairtí éifeachtacha agus comhlántacha a áirithiú. Ar mhaithe le héifeachtacht, is den riachtanas é go mbeidh maoiniú ar fáil don oideachais, ar maoiniú é a bheidh intuartha, trédhearcach agus inbhuanaithe, chomh maith le fianaise níos stóinsithe agus sonraí imdhealaithe. Aithníonn an Chomhairle go gcaithfidh na pobail atá thíos leis a bheith ag croílár na bhfreagairtí daonnúla, agus iarrann sí ar sheirbhísí an Choimisiúin, ar SEGS agus ar na Ballstáit rannpháirtíocht chomhphobail uilechuimsithigh a chur chun cinn agus a éascú agus na freagairtí oideachais á n-anailísiú, á bpleanáil, á gceapadh, á gcur chun feidhme, agus á measúnú acu agus tráth a ndéantar faireachán ar na freagairtí sin.

7. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé plé a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta, le gníomhaithe daonnúla agus forbartha, ós rud é gur sainghné in eagraíochtaí na sochaí sibhialta a ndlúth-idirghníomhaíocht le pobail agus an léargas atá acu ar chomhphobail áitiúla, agus gur féidir leis sin, rochtain éifeachtach a fháil ar ghrúpaí leochaileacha.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil gá le rochtain uilíoch ar oideachas cothrom ardcháilíochta chun an ceart ar oideachas do chách a chosaint. I ndáil leis sin, ní mór cur leis an rochtain ar theicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí nua-aimseartha chun bacainní a laghdú agus torthaí foghlama ardcháilíochta a áirithiú. Féadfaidh an earnáil phríobháideach a bheith ina hacmhainn agus ina foinse thábhachtach nuálaíochta. Go háirithe i gcomhthéacsanna leochaileacha ag a bhfuil struchtúir stáit lagaithe, caithfear a rannpháirtíocht a rialú go leordhóthanach.

9. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé díriú ar na grúpaí is imeallaithe, is leochailí agus is mó faoi mhíbhuntáiste i gcomhréir le cur chuige riachtanas-bhunaithe i gcásanna éigeandála. I bhfianaise na n-iarmhairtí díréireacha a bhíonn ag cásanna éigeandála agus ag géarchéimeanna fada ar an oideachas do chailíní agus do mhná, ní mór gné inscne thrasnach a phríomhshruthú ar fud gach gníomhaíocht oideachais, agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe ag gabháil léi lena dtugtar aghaidh ar aon mhíbhuntáistí agus bacainní comhthéacs-shonracha. Ba cheart réitigh ar leith a cheapadh freisin i dtaca le staid na ndaoine faoi mhíchumas agus na ndaoine gan stát, chun rochtain chomhionann ar an oideachas áirithiú dóibh.

10. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá ról an oideachais ó thaobh an tsíocháin a chothú agus an chosaint a áirithiú. Tá an tAontas Eorpach i dtús cadhnaíochta i dtaca le cuir chuige atá íogair ó thaobh coinbhleachtaí de a chur chun cinn, mar aon le beartais agus cleachtais scoile neamhfhoréigneacha, agus meas ar an éagsúlacht, caoinfhulaingt agus saoránacht ghníomhach fhreagrach. Le hoideachas cuimsitheach agus cuir chuige um chosaint, is féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais fhisiceacha, shíceasóisialta agus mhothúchánacha páistí agus daoine óga, agus an riosca foréigin a chosc agus mhaolú, lena n-áirítear foréigean gnéis agus foréigean inscnebhunaithe, luathphósadh agus pósadh éigeantach, an bhaint atá ag páistí le coinbhleacht armtha, maille leis an riosca radacaithe as a n-eascraíonn antoisceachas foréigneach. Meabhraítear don Chomhairle go gcuirtear isteach go mór ar an tsíocháin agus ar an athmhuintearas inbhuanaithe nuair a chuirtear as don rochtain atá ag daoine óga ar an oideachas agus ar dheiseanna eacnamaíocha mar a aithnítear i Rún 2250 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil.

11. Cáineann an Chomhairle go géar gach cineál ionsaithe ar scoileanna agus ar ollscoileanna; úsáid míleatach scoileanna; fuadach mac léinn agus pearsanra oideachais; páistí a earcú agus úsáid a bhaint astu i gcoinbhleachtaí armtha; foréigean gnéis; mianaigh talún, ordanáis neamhphléasctha agus iarsmaí cogaidh i scoileanna agus sna ceantair máguaird. Áitíonn an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin, ar SEGS agus ar na Ballstáit dul i mbun idirphlé polaitiúil, beartais agus oibríochtúil leis na páirtithe atá i gcoinbhleacht chun a iarraidh go gcomhlíonfar na hoibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit uile tacú le tionscnaimh chun an t-oideachas a chosaint le linn coinbhleachtaí, lena n-áirítear an Dearbhú maidir le Scoileanna Sábháilte agus cur chun feidhme an Dearbhaithe sin a chur chun cinn ag an tríú Comhdháil Idirnáisiúnta i ndáil leis an Dearbhú maidir le Scoileanna Sábháilte, a dhéanfaidh an Spáinn á óstáil in 2019.

12. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór oideachas ardcháilíochta a áirithiú ar gach leibhéal: ón luath-óige go bunoideachas, iar-bhunoideachas agus oideachas treasach, oiliúint theicniúil agus oiliúint ghairmiúil. Is bunchlocha an oideachais ardcháilíochta iad múinteoirí cáilithe, ábhair teagaisc agus tacaíochta leordhóthanacha agus an bonneagar cuí. Tá gá freisin le rannpháirtíocht na gcúramóirí agus na gcomhphobal. Is réamhchoinníoll é an t-oideachas bunúsach chun go ndéanfaidh páistí dul chun cinn sa timthriall oideachais. Is uirlis chumhachtach é an t-ardoideachas don athrú, lena mbíonn sé d'acmhainn ag an aos óg téarnamh, atógáil agus teacht aniar a dtíortha a sporadh. Caithfear an t-oideachas agus an oiliúint theicniúil agus ghairmiúil a nascadh le héilimh na margaí saothair. Ba cheart freagairtí lena gcomhtháthaítear oideachas le cosaint, slite beatha, Uisce, Sláintíocht & Sláinteachas (WASH), sláinte agus cothú a chur chun cinn d'fhonn torthaí foghlama a fheabhsú agus a áirithiú gur féidir leis an oideachas a bheith mar thúsphointe chun seirbhísí a sheachadadh d'earnálacha eile.

13. Is féidir le béile scoile laethúil cuidiú le cothú agus sláinte níos fearr agus, chomh maith leis sin, méadaítear leis an rochtain ar an oideachas trí dhreasacht bhreise a thabhairt chun páistí a chur ar scoil. Féadfaidh sé dul chun sochair an gheilleagair áitiúil freisin trí chur le hacmhainn na bhfeirmeoirí áitiúla bia a sholáthar do bhéilí scoile. D'fhonn a áirithiú go gcuirfí béilí scoile cothaitheacha ar fáil do pháistí, chun tacú lena bhfás sláintiúil agus lena bhforbairt agus lena gcumas foghlamtha, tá gá le dlúthchomhar leis na rialtais óstacha agus le comhpháirtithe forbartha agus daonnúla.

14. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin, ar SEGS agus ar na Ballstáit an creat beartais sin a chur chun feidhme trí leanúint de chomhar a neartú, leis an gcomhlántacht agus an rannpháirtíocht idir gníomhaithe agus ionstraimí daonnúla agus forbartha, agus an aird chuí á tabhairt ar a sainorduithe faoi seach, chun freastal ar riachtanais oideachais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha araon ar gach leibhéal tríd na bealaí is iomchuí. Tá gá le hinfheistíocht bhreise níos fadtéarmaí i gcúrsaí oideachais lena dtacaítear le hullmhacht agus laghdú rioscaí, agus ag a bhfuil an tsolúbthacht freagairt do riachtanais a bhíonn ag athrú agus treochtaí nua easáitithe, ar an tuiscint go mbaineann sainorduithe ar leith le maoiniú daonnúil agus le freagairtí *ex post* agus nach féidir iad a chur i bhfeidhm in ionad freagairtí sistéamacha éifeachtacha. Caithfidh an t-oideachas a bheith ina dhlúthchuid de chur chun feidhme na gcur chuige maidir le naisc agus le teacht aniar, i gcásanna éigeandála agus le linn géarchéimeanna fada araon. I ndáil leis sin, ba cheart do sheirbhísí an Choimisiúin agus na Ballstáit comhordú a dhéanamh maidir le laghdú rioscaí tubaistí, ullmhacht, measúnuithe, anailísí, clársceidealú agus pleanáil bearta oideachais. Ba cheart a áireamh leis sin fianaise agus na cleachtais is fearr a chomhroinnt, agus feabhas a chur ar bhailiú sonraí, infhaighteacht agus trédhearcacht.